

# Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí

## Dualgais agus Cumhachtaí

**Treoir Ghairid**



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
Office of the Director  
of Corporate Enforcement



## Clár

---

Maidir leis an Treoir seo	2
Cad a chiallaíonn leachtaitheoireacht, glacadóireacht agus scrúdaitheoireacht?	2
An leachtaitheoir, an glacadóir agus an scrúdaitheoir	2
Daoine a fhéadann a bheith ina leachtaitheoirí, ina nglacadóirí nó ina scrúdaitheoirí?	3
Daoine nach féidir leo a bheith ina leachtaitheoirí, ina nglacadóirí ná ina scrúdaitheoirí?	4
Cén toradh atá ar chuideachta a chur faoi leachtaitheoireacht, faoi nglacadóireacht nó faoi scrúdaitheoireacht?	4
Conas a dhéantar leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí a cheapadh?	6
Dualgais agus cumhachtaí an leachtaitheora	8
Dualgais agus cumhachtaí an ghlacadóra	10
Dualgais agus cumhachtaí an scrúdaitheora	12
Cá mbeadh breis eolais ar fáil?	14

## Maidir leis an Treoir seo

---

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil chun roinnt de na dualgais faoin dlí a leagtar ar leachtaitheoirí, ar ghlacadóirí agus ar scrúdaitheoirí faoi Acht na gCuideachtaí a mhíniú.

## Cad a chiallaíonn leachtaitheoireacht, glacadóireacht agus scrúdaitheoireacht?

---

**Leachtaitheoireacht** – is próiseas seo a chuireann deireadh faoin dlí leis an gcuideachta. Éirítear as beartaíocht uile na cuideachta, íoctar na fiacha as aon sócmhainní atá ar fáil agus déantar an chuideachta a fhoirceannadh go hordúil.

**Glacadóireacht** – is próiseas seo a úsáideann bancanna nó iasachtóirí eile chun sócmhainn de chuid na cuideachta (mar shampla áitreabh) a dhíol a bhí geallta dóibh sa chás go dteipfeadh ar an gcuideachta iasacht a aisíoc mar a bhí aontaithe.

**Scrúdaitheoireacht** – is próiseas seo trína dtugtar cosaint do chuideachta ar na creidiúnaithe (na daoine nó na cuideachtaí a bhfuil airgead dlite dóibh ón gcuideachta) an fhad a bhíonn iarrachtaí ar siúl an chuideachta a choinneáil i mbun gnó mar ghnóthas leantach.

## An leachtaitheoir, an glacadóir agus an scrúdaitheoir

---

**Leachtaitheoir** – duine arna cheapadh ag cuideachta, creidiúnaí nó cúirt chun cuideachta a fhoirceannadh.

**Glacadóir** – duine arna cheapadh ag banc nó ag iasachtóir chun sócmhainn a ghlacadh ar lámh a chuir cuideachta chun cinn mar urrús (ráthaíocht) maidir le hiasacht a aisíoc. Sa chás gurb é gnó iomlán na cuideachta a tugadh mar urrús, is féidir ‘bainisteoir glacadóireachta’ a cheapadh chun an gnó a riar i rith na glacadóireachta. Ón tráth a dtiomsaíonn glacadóir dóthain airgid chun an fhiach a íoc ar ais, tá obair an ghlacadóra déanta.

**Scrúdaitheoir** – duine arna cheapadh ag an gcúirt chun an chuideachta a scrúdú féachaint an féidir í a thabhairt slán agus, sa chás gur féidir, chun plean tarrthála a chur i dtoll a chéile.

## Daoine a fhéadann a bheith ina leachtaitheoirí, ina nglacadóirí nó ina scrúdaitheoirí

Is féidir duine a cheapadh ina leachtaitheoir ar chuntar go sásaítear ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

- gur comhalta an duine i gcomhlacht cuntasaíochta arna ceadú ag Údarás Maoirsaeachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) ag a bhfuil deimhniú cleachta reatha ón gcomhlacht sin; nó
- gur atur nae cleachtach an duine ag a bhfuil deimhniú cleachta reatha ó Dhlí-Chumann na hÉireann; nó
- gur comhalta an duine i gcomhlacht lucht gairme arna ceadú ag Údarás Maoirsaeachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) ag a bhfuil údarás feidhmiú mar leachtaitheoir; nó
- go bhfuil an duine cáilithe faoin dlí i stát eile sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) feidhmiú mar leachtaitheoir in imeachtaí dócmhainneachta in Éirinn; nó

- go bhfuil taithí praiticiúil agus eolas ábhartha ag an duine ar chuideachta a fhoirceannadh agus go bhfuil údarás ag an duine ón ÚMICÉ feidhmiú mar leachtaitheoir.

Tá an té atá cáilithe chun feidhmiú ina leachtaitheoir cáilithe chomh maith le ceapadh i bpost glacadóra nó scrúdaitheora.

## **Daoine nach féidir leo a bheith ina leachtaitheoirí, ina nglacadóirí ná ina scrúdaitheoirí**

---

Níl cead ag stiúrthóirí, fostaithe ná neasghaoil leo feidhmiú ina leachtaitheoirí, ina nglacadóirí ná ina scrúdaitheoirí fiú má tá siad cáilithe chuige sin. Is d'fhonn an neamhspleáchas san obair a chaomhnú sin.

Chomh maith leo sin, ní féidir leis na daoine seo a leanas feidhmiú ina leachtaitheoirí, ina nglacadóirí ná ina scrúdaitheoirí:

- duine atá ina f(h)éimheach go dtí go n-íoctar na fiacha nó go saorann an chúirt é/í ó na fiacha sin a íoc; nó
- duine dícháilithe – is duine seo a ciontaíodh sa chúirt i gcalaois nó i mí-iompar tromchúiseach agus atá dícháilithe ag an gcúirt ó fheidhmiú mar stiúrthóir go ceann tréimhse áirithe.

## **Cén toradh atá ar chuideachta a chur faoi leachtú, faoi nglacadóireacht nó faoi scrúdaitheoireacht?**

---

Bíonn stádas agus cumhachtaí mar is gnáth ag cuideachta faoin dlí agus í faoi leachtaitheoireacht, faoi nglacadóireacht

nó faoi scrúdaitheoireacht go dtí go ndéantar an cuideachta a dhíscáoileadh (a fhoirceannadh).

### **Leachtaitheoireacht**

Nuair a bhíonn cuideachta faoi leachtú, is iondúil go nglacann an leachtaitheoir cumhachtaí na stiúrthóirí ar lámh. Go praiticiúil, tagann stad le beartaíocht na cuideachta mura mbíonn gá ag an leachtaitheoir le cúnamh ón gcuideachta i ndáil leis an bhfoirceannadh.

### **Glacadóireacht**

Nuair a bhíonn cuideachta faoi ghlacadóireacht, cuirtear cumhacht na cuideachta agus údarás na stiúrthóirí ar fionraí i ndáil leis na sócmhainní a chuir an cuideachta chun cinn mar urrús go n-íocfaí na hiasachtaí. Ní féidir leis na stiúrthóirí na cumhachtaí sin a chur chun feidhme ach amháin le cead chuige sin ón nglacadóir.

### **Scrúdaitheoireacht**

Nuair a bhíonn cuideachta faoi scrúdaitheoireacht, is féidir leis na stiúrthóirí leanacht i mbun feidhme mar bhainisteoirí mura n-ordaíonn an chúirt a mhalairt. Leanann an scrúdaitheoireacht ar feadh tuairim is 70 lá agus le linn na tréimhse sin:

- ní féidir leachtaitheoir ná glacadóir a cheapadh i ndáil leis an gcuideachta;
- ní féidir le creidiúnaithe feidhmiú maidir le fiacha a aisghabháil gan toiliú na cúirte leis sin; agus
- ní féidir le haon duine imeachtaí dlí a thionscnamh in aghaidh na cuideachta gan toiliú na cúirte leis sin.

Tugann an tréimhse sin deis don scrúdaitheoir a thuiscint an féidir an chuideachta a thabhairt slán.

## Conas a dhéantar leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí a cheapadh?

### Leachtaitheoirí

Is iad a cheapann leachtaitheoir:

- na comhaltaí (úinéirí);
- na creidiúnaithe; nó
- an chúirt.

Sa chás gurb iad na comhaltaí a cheapann leachtaitheoir, leachtaitheoireacht dheonach a thugtar ar an gcineál sin. Is iondúil gur cuideachta shócmhainneach a bhíonn i gceist i gcás dá leithéid sin – cuideachta ar acmhainn di a cuid fiach a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.

Sa chás gurb iad na creidiúnaithe a cheapann leachtaitheoir, leachtú deonach creidiúnaithe a thugtar ar an gcineál sin agus déanann na creidiúnaithe, mar ghrúpa, mairseacht ar an leachtaitheoireacht. Cuideachta dhócmhainneach a bhíonn i gceist i gcás dá leithéid sin – cuideachta nach acmhainn di a cuid fiach a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.

Sa chás gurb í an chúirt a cheapann leachtaitheoir, leachtaitheoireacht oifigiúil (nó éigeantach) a thugtar ar an gcineál sin. An chúirt a dhéanann mairseacht ar an leachtú i gcás dá leithéid sin le cabhair ó oifigeach de chuid na cúirte arna c(h) eapadh go speisialta. Is féidir le creidiúnaí a iarraidh ar an gcúirt leachtaitheoir a cheapadh.



## Glacadóir

Bíonn cead ag an iasachtóir, faoi mhórchuid na gcomhaontuithe iasachta, glacadóir a cheapadh sa chás nach n-focann an chuideachta an t-iasacht ar ais mar a aontaíodh. Is féidir leis an gcúirt glacadóir a cheapadh freisin má iarrann creidiúnaí uirthi sin a dhéanamh.

## Scrúdaitheoir

Is féidir leis an gcúirt scrúdaitheoir a cheapadh má táthar den tuairim (tar éis éisteacht le gach creidiúnaí leasmhar) go bhfuil seans réasúnta ann an chuideachta, nó cuid di, a thabhairt slán. Ní mór do chuideachta, go mbeifí incháilithe don scrúdaitheoireacht, a bheith:

- faoi ghlacadóireacht níos mó ná trí lá; nó
- faoi leachtú.

Is féidir le cuideachta, stiúrthóir nó creidiúnaí a iarraidh ar an gcúirt scrúdaitheoir a cheapadh. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith isteach leis an iarratas:

- tuarascáil ó iniúchóir neamhspleách ina leagtar amach staid airgeadais na cuideachta;
- torthaí aon fhiosrúchán a rinneadh maidir leis an dóigh a dtiocfadh an chuideachta slán;
- na bearta, socrúithe le creidiúnaithe san áireamh, a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun an chuideachta a chur i gcaoi mhaireachtála (in acmhainn leanacht i mbun gnó mar ghnóthas leantach);
- mionsonraí faoi na cistí a bheadh de dhíth ionas go bhféadfadh an chuideachta leanacht i mbun trádála i rith na tréimhse a mbíonn sí cosanta ar na creidiúnaithe; agus

- moladh faoi na fiacha sin i measc fhiacha reatha na cuideachta ba chóir a íoc.

## Dualgais agus Cumhachtaí an Leachtaitheora

---

### Dualgais

Is iad na príomhdhualgais a leagtar ar leachtaitheoirí:

- maoin na cuideachta, lena n-áirítear na taifid airgeadais, a thógáil ar lámh;
- liosta a dhéanamh de na daoine a bhfuil airgead dlite dóibh agus de na suimeanna atá dlite;
- liosta a dhéanamh de na daoine a chaithfidh cur le sócmhainní na cuideachta ar a foirceannadh agus de na suimeanna atá le híoc acu;
- imscrúdú a dhéanamh ar ghnóthaí na cuideachta;
- sócmhainní na cuideachta a dhíol;
- fiacha na cuideachta a íoc de réir an oird atá leagtha amach faoin dlí (féach leathanach 9);
- aon fhuílleach airgid a thabhairt do na comhaltaí de réir mar atá siad ina theideal;
- tuairisc a thabhairt d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar aon chion coiriúil a mhestar a rinne an chuideachta, stiúrthóir reatha nó iarstiúrthóir nó rúnaí reatha nó iar-rúnaí de chuid na cuideachta nó aon chomhalta de chuid na cuideachta.

Sa chás go bhfuil an chuideachta dócmhainneach, ní mór do na leachtaitheoirí chomh maith:

- tuairisc a thabhairt don ODCE – taobh istigh de shé mhí – faoi iompar stiúrthóirí na cuideachta i rith na tréimhse sular tharla an leachtú; agus
- a iarraidh ar an gcúirt srianadh a chur leis na stiúrthóirí go ceann tréimhse áirithe ó bheith páirteach i gcuideachtaí eile.

Nuair a thugtar leachtú deonach chun críche, ní mór don leachtaitheoir:

- tuarascáil a scríobh faoin bhfoirceannadh;
- cruinniú ginearálta de na comhaltaí a ghairm;
- cruinniú chreidiúnaithe a ghairm sa chás gur leachtú deonach creidiúnaithe atá gceist; agus
- tuairisc a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) ([www.cro.ie](http://www.cro.ie)).

Nuair a tharlaíonn leachtú deonach, tagann deireadh leis an gcuideachta trí mhí tar éis na doiciméid dheireanacha a chomhadú le Cláráitheoir na gCuideachtaí.

Nuair is leachtú éigeantach atá i gceist, ordáíonn an chúirt an chuideachta a dhíscaoileadh (a dhúnadh) nuair a dheimhníonn an t-oifigeach a cheap an chúirt go bhfuil gnóthaí na cuideachta tugtha chun críche go sásúil. Ní mór don leachtaitheoir cóip den ordú sin a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

## Cumhachtaí

Go ginearálta, is féidir le leachtaitheoirí:

- maoin ar bith de chuid na cuideachta a dhíol;
- an phróiseáil maidir leis na doiciméid riachtanacha ar fad a dhéanamh thar ceann na cuideachta;
- sócmhainní na cuideachta a chur ar morgáiste (iasacht arna urrú le maoin na cuideachta);
- gníomhairí a cheapadh i mbun aon obair nach féidir leis na leachtaitheoirí a dhéanamh;
- a iarraidh ar an gcúirt a thabhairt go ndéantar scrúdú a chur ar stiúrthóirí de chuid na cuideachta (iad a cheistiú os comhair na cúirte faoi ghnóthaí na cuideachta), go dtugtar maoin ar ais don chuideachta nó go ndéantar aon bheart eile is gá chun cuidiú leis an leachtú a dhéanamh; agus
- conarthaí a chur ar ceal a bhfuil cailiteanas i gceist leo.

## Dualgais agus Cumhachtaí an Ghlacadóra

---

### Dualgais

Is iad na príomhdhualgais a leagtar ar ghlacadóirí:

- an praghas is fearr a ghnóthú maidir le háitribh nó sócmhainní eile a chuirtear ar díol (faightear comhairle, más gá, ó shaineolaí neamhspleách faoin modh díolacháin is fearr);
- an t-airgead a ghnóthaítear ó dhíol na sócmhainní a dháileadh **de réir an oird atá leagtha amach faoin dlí**:
  - tá an t-airgead ag dul ar an gcéad dul síos don té a bhfuil urrús aige ar an tsócmhainn,

- téann aon airgead atá fágtha chuig na creidiúnaithe arna rangú de réir mar atá tús áite ceaptha dóibh faoin dlí, agus
- íoctar an creidiúnai a cheap an glacadóir – sa chás nach bhfuil an creidiúnai sin íoctha go dtí sin;
- tuairisc a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí ar an leachtaitheoireacht gach sé mhí; agus
- tuairisc a thabhairt d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar aon chion coiriúil a mheastar a rinne an chuideachta, stiúrthóir reatha nó iarstiúrthóir nó rúnaí reatha nó iar-rúnaí de chuid na cuideachta nó aon chomhalta de chuid na cuideachta.

## Cumhachtaí

Sa chás gurb í an chúirt a cheap an glacadóir, socróidh an chúirt a bhfuil de chumhacht ag an nglacadóir. Is iondúil go dtugtar de chumhacht do na glacadóirí smacht a ghabháil ar shócmhainní ábhartha na cuideachta agus iad a dhíol.

Sa chás gur iasachtóir a cheap an glacadóir, bíonn a gcuid cumhachta leagtha amach sa chomhaontú iasachta. Is iondúil go dtugtar de chumhacht dóibh feidhmiú thar ceann na cuideachta chun socrú maidir leis na sócmhainní ábhartha a dhíol.

Is féidir le glacadóirí freisin a iarraidh go ndéanfadh an chúirt a ordú maoin de chuid na cuideachta a thabhairt ar ais, sócmhainní stiúrthóirí a chalcadh agus bearta riachtanacha eile a dhéanamh a chuidíonn leis an nglacadóireacht a chur i gcrích.

## Dualgais agus Cumhachtaí an Scrúdaitheora

### Dualgais

Is é príomhdhualgas a bhíonn ar scrúdaitheoirí plean tarrthála (ar a dtugtar ‘scéim socraíochta’) a chur i dtoll a chéile don chuideachta.

Ní mór do na scrúdaitheoirí, taobh istigh de 35 lá óna gceapadh, a chur in iúl don chúirt ar éirigh leo moltaí do phlean tarrthála a chur le chéile. Sa chás nár éirigh, is féidir leis an gcúirt a ordú:

- go ndéantar an chuideachta a fhoirceannadh; nó
- go dtugtar breis ama don scrúdaitheoir chun moltaí a ullmhú nó chun aontú a lorg ina leith.

Ní mór caitheamh go cothrom le comhaltaí agus le creidiúnaithe de gach cineál sna moltaí mura n-aontaíonn dreamanna áirithe acu le socrú nach bhfuil chomh fabhrach dóibh.

Ní mór sa phlean tarrthála:

- liosta a thabhairt de gach cineál comhalta agus de gach cineál creidiúnáí a bhaineann leis an gcuideachta;
- liosta a thabhairt d’aon aicme comhaltaí nó creidiúnaithe a ndéanfar a leas nó a n-éileamh a mhaolú;
- liosta a thabhairt d’aon aicme comhaltaí nó creidiúnaithe nach ndéanfar a leas nó a n-éileamh a mhaolú;
- cuntas a thabhairt ar an modh ina gcuirfear an plean i bhfeidhm;
- na hathruithe molta maidir le bainistíocht nó stiúradh na cuideachta a leagan amach;
- aon athrú is gá ar bhunreacht na cuideachta a leagan amach go sonrach;

- sócmhainní agus dliteanais na cuideachta a leagan amach go sonrach;
- meastachán a thabhairt maidir leis an toradh ó thaobh cúrsaí airgeadais a bheadh ar an gcuideachta a fhoirceannadh do gach cineál comhalta; agus
- aon ghnóthaí eile a mheasann an scrúdaitheoir a bheith tábhachtach a leagan amach.

Ní mór don scrúdaitheoir cruinnithe a eagrú do gach aicme comhaltaí agus creidiúnaithe chun a n-aontú sin leis an bplean tarrthála a fháil. Má ghlacann ar a laghad aon aicme amháin de na creidiúnaithe leis an bplean, is féidir leis an scrúdaitheoir an plean a thabhairt faoi bhráid na cúirte. Tugann an chúirt deis go gach comhalta agus do gach creidiúnaí a ndearcadh ina leith a chur i láthair agus déanann an chúirt ina dhiaidh sin:

- an plean a dheimhniú; nó
- athruithe a chur ar an bplean; nó
- an plean a dhiúltú.

Sa chás go ndeimhníonn an chúirt an plean, ní mór don uile dhuine lena mbaineann glacadh leis.

Ní mór don scrúdaitheoir freisin:

- a gceapadh a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí;
- stádas an phlean tarrthála a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachtaí; agus
- cóip den phlean a chur chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

## Cumhachtaí

Go ginearálta, tá de cheart ag scrúdaitheoirí:

- teacht a bheith acu ar thaifid airgeadais agus ar chuntais na cuideachta, an chuid a bheadh ar coimeád ag gníomhairí na cuideachta san áireamh (mar shampla, cuntasóirí, baincéirí agus mar sin de);
- cruinnithe ginearálta nó cruinnithe stiúrthóirí a ghairm agus a theacht i láthair acu;
- cinneadh nó Conradh a chur ar ceal a bhféadfadh caillteanas airgid a bheith i gceist leo don chuideachta, do chreidiúnaithe nó do chomhaltaí na cuideachta; agus
- a iarraidh ar an gcúirt cumhachtaí na stiúrthóirí a aistriú chucusan, an chumhacht sócmhainní de chuid na cuideachta a dhíol san áireamh, maoin de chuid na cuideachta a ghabháil ar ais, agus cinntí a dhéanamh a bhaineann leis an scrúdaitheoireacht.

## Cá mbeadh breis eolais ar fáil?

---


Tá eolas níos mine faoi leachtaitheoirí, faoi ghlacadóirí agus faoi scrúdaitheoirí ar fáil ar an láithreán gréasain [www.osfc.ie](http://www.osfc.ie).

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoi na gnáis a bhaineann le leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí agus faoinar gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.



## **Séanadh**

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar leachtaitheoirí, ar ghlacadóirí agus ar scrúdaitheoirí faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d'Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchrúinneas nó easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director  
of Corporate Enforcement

*Le haghaidh eolas eile:*

✉ Oifig an Stiúirthóra um  
Fhorfheidhmiú Corparáideach  
16 Cearnóg Pharnell  
Baile Átha Cliath 1  
Éire

☎ 01 858 5800  
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil  
An English version of this booklet is available*